


An Creat um Aitheantas Clár: An Treoirchomhairliú

Critéir agus Treoirlínte do Sholáthróirí Clár

Márta, 2016

An Roinn Oideachais agus Scileanna





Clár

Gluais.....	4
1. Réamhrá.....	5
1.1 Cuspóir an Chreata um Aitheantas Clár.....	5
1.2 Comhthéacs	6
1.3 Treoir: sainmhíniú agus gníomhaíochtaí.....	7
1.4 Riachtanais maidir le cáilíochtaí treoirchomhairlithe	9
1.4.1 Scoileanna	9
1.4.2 Suíomhanna AEGS.....	9
1.4.3 Forbairt ghairmiúil iar-cháilíochta.....	9
2. Critéir Ghinearálta do Chláir Túsoideachais sa Treoirchomhairliú a Aithint.....	9
2.1 An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC): leibhéal agus cineál na dámhachtana.....	10
2.2 Roghnú na rannpháirtithe sa chlár	10
2.3 Eispéiris fhoghlama agus múinteoireachta.....	11
2.4 Measúnú ar fhoghlaim an ábhair treoirchomhairleora	13
2.5 Riachtanais i gcás foirne soláthróra clár	13
2.6 Inniúlachtaí riachtanacha.....	14
2.7 Socrúchán.....	15
2.8 Creidiúintí ECTS a shanntar do réimsí inniúlachta agus do shocrúchán	15
2.9 Tábla 1: Inniúlachtaí atá riachtanach le bheith ag obair mar threoirchomhairleoir i seirbhísí treorach faoi théarmaí tagartha na Roinne Oideachais agus Scileanna.....	17
Leabharliosta agus Tagairtí	23

Gluais

AEGAI	Cumann Treorach Aosoideachais na hÉireann
AEGI	Tionscnamh na Treorach um Oideachas Aosach
AEGS	An tSeirbhís Treorach um Oideachas Aosach
An Roinn	An Roinn Oideachais agus Scileanna
APL	Creidiúnú Réamhfhoghlama
BOO	Bord Oideachais agus Oiliúna
CDI	An Institiúid um Fhorbairt Ghairme
CEDEFOP	An Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna
CNC	An Creat Náisiúnta Cáilíochta
CPD	Forbairt Leanúnach Ghairmiúil
DSGC	Na Stiúrthóirí Staidéar Treoirchomhairlithe
ECTS	An Córas Eorpach d'Aistriú agus Carnadh Creidmheasa
ELGPN	An Líonra Eorpach um Beartas Treorach ar Feadh an tSaoil
IGC	Institiúid na gComhairleoirí Treorach
LNTO	An Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas (NCGE)
NGF	An Fóram Náisiúnta Treorach
NICE	An Líonra don Nuálaíocht sa Treoir agus Comhairliú Gairme san Eoraip
PDST	An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí
PRF	An Creat um Aitheantas Clár
PSI	Cumann Síceolaithe na hÉireann
QQI	Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éire
RPL	Aitheantas Réamhfhoghlama
SEN	Riachtanais Speisialta Oideachais
TFC	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

1. Réamhrá

1.1 Cuspóir an Chreata um Aitheantas Clár

Sa Chreat um Aitheantas Clár (PRF) 2016 seo leagtar amach critéir agus treoirlínte do sholáthróirí clár túsoideachais sa treoirchomhairliú¹ atá ag beartú go bhfónfaidh a gcuid céimithe i seirbhísí treorach laistigh de théarmaí tagartha na Roinne Oideachais agus Scileanna (An Roinn). Bíodh is go n-aithnítear go soláthraítear seirbhísí treorach san iomaí comhthéacs agus ar fud na n-earnálacha oideachais agus margaidh saothair, ní bhaineann na critéir agus na treoirlínte a chuirtear i láthair sa doiciméad seo ach amháin le cláir lena soláthraítear cáilíochtaí do dhaoine atá sannta chun fónamh mar threoirchomhairleoirí:

- (i) i scoileanna aitheanta, ar a n-áirítear iar-bhunscoileanna, coláistí iar-Ardteistiméireachta agus na Coláistí Breisoideachais (dá ngairtear anseo ina dhiaidh seo scoileanna)².
- (ii) I seachadadh Seirbhísí Treorach um Oideachas Aosach (AEGS) i mBoird Oideachais agus Oiliúna (BOOanna) agus freisin in Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge faoi Thionscnamh na Treorach um Oideachas Aosach (AEG)³.

Tá sé beartaithe go gcumasóidh an PRF (2016) soláthróirí clár túsoideachais sa treoirchomhairliú chun curaclam agus tacar eispéireas foghlama (ar a n-áirítear socraíocht, maoirseacht agus cláir fhorbartha pearsanta) a dhearadh agus a sheachadadh lena bhforbrófar na croí-inniúlachtaí riachtanacha ina gcuid céimithe. Ar na croí-inniúlachtaí sin áireofar an cumas chun oibriú le daoine óga agus aosaigh agus leo siúd atá á n-eisiamh agus a bhfuil bacainní foghlama orthu.

Beifear ag súil go gcuirfean an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí riachtanacha ar fáil do chéimithe leis na cláir túsoideachais sa treoirchomhairliú chun oibriú:

- laistigh de thimpeallachtaí agus comhthéacsanna oideachasúla éagsúla
- in éineacht le daonraí mac léinn a mbeidh riachtanais chasta acu
- i ndearadh agus seachadadh seirbhísí treorach ar ardchaighdeán

Beidh ar sholáthróirí clár túsoideachais sa treoirchomhairliú a chinntiú go sásaítear lena gcuid clár na critéir a chuirtear i láthair sa PRF (2016) sa chaoi go n-aithneofar a gcéimithe chun a bhfostaithe mar threoirchomhairleoirí i seirbhísí treorach laistigh de théarmaí tagartha na Roinne. Is féidir le

¹ Tagraítear leis an téarma Clár Túsoideachais sa Treoirchomhairliú do chláir a thairgeann na hInstitiúidí Ardoideachais a cháilíonn céimithe mar threoirchomhairleoirí. Tá liosta na gclár aitheanta le fáil ó shuíomh idirlín an Lárionaid Náisiúnta um Threoir san Oideachas www.ncge.ie

² Tá impleachtaí ag an *Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna (FET) (2014-2019)* atá foilsithe ag SOLAS maidir le struchtúr agus eagrú seirbhísí an FET amach anseo. Beidh riachtanais na Roinne mar a chuirtear i láthair iad sa PRF seo mar bhonn eolais ag na riachtanais i gcomhair cáilíochtaí in earnáil an FET (lárionaid oideachais san áireamh).

³ Tagraítear leis an téarma “AEG” do Thionscnamh na Roinne chun forbairt seirbhísí treorach oideachais aosaigh a sholáthar agus a thacú go náisiúnta, agus tagraítear leis an téarma “AEGS” do na Adult Educational Guidance Services arna bhfeidhmiú agus arna mbainistiú ag an leibhéal áitiúil ag na Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOanna) nó ag Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge. Beidh an AEGS ina chuid d’earnáil an FET mar atá luaite i bhfonóta 2.

soláthróirí an PRF a chur i bhfeidhm ar bhonn deonach in 2017. Ó thús na bliana acadúla 2018, áfach, beidh sé ina riachtanas go sásóidh na cláir na critéir a chuirtear i láthair sa PRF.

Tá sé beartaithe go mbeidh na critéir atá leagtha amach sa doiciméad seo mar bhonn eolais chomh maith faoi chinntí maidir le measúnú iarratas ó dhaoine a bhfuil cáilíochtaí sa treoirchomhairliú acu a fuarthas lasmuigh den Stát, a bhfuil sé i gceist acu oibriú i seirbhísí treorach laistigh de théarmaí tagartha na Roinne.

1.2 Comhthéacs

Tá ról an treoirchomhairleora ag dul i gcastacht i gcónaí agus tá impleachtaí aige sin do sholáthróirí clár túsoideachais sa treoirchomhairliú. Is gá go léireodh soláthróirí trína gcuid clár na hathruithe agus na forbairtí sóisialta agus geilleagracha a théann i gcion ar nádúr agus scóip seirbhísí treorach, agus go bhfreagróidís orthu. Sa chaoi chéanna, tá ról freisin ag soláthróirí clár dá leithéid, trína gcéimithe, maidir le forbairt agus seachadadh seirbhísí treorach a mhúnlú.

Tá céimithe as cláir túsoideachais sa treoirchomhairliú aitheanta ag an Roinn chun oibre in iarbhunscoileanna ó na 1970í déanacha i leith agus chun oibre i dTionscnamh na Treorach um Oideachais Aosach (AEGI) ón mbliain 2000 i leith. Tá cláir aitheanta túsoideachais sa treoirchomhairliú curtha i láthair sna hImlitreacha PPT12/05 agus 0009/2012 arna n-eisiúint ag an Roinn (2005c; 2012b) chuig scoileanna agus Coistí Gairmoideachais (dá ngairmtear anois Boird Oideachais agus Oiliúna).

Agus na critéir atá curtha i láthair sa Chreat seo á gcur le chéile, baineadh leas agus inspioráid as an mbunús eolais faoin oideachas agus faoin treoirchomhairliú atá le fáil in Éirinn féin agus thar lear. Áiríodh ar an ábhar a ceadaíodh foilseacháin agus taighde arna gcur ar fáil ag comhlachtaí mar an Roinn seo, An Chomhairle Mhúinteoireachta (Éire), Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI), na Stiúrthóirí Staidéar Treoirchomhairlithe, (DSGC), an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (CEDEFOP), an Institiúid um Fhorbairt Gairme (CDI) sa Ríocht Aontaithe, an Lónra Eorpach um Beartas Treorach ar Feadh an tSaoil (ELGPN), Comhairle an Aontais Eorpaigh, agus an Lónra Nuálaíochta sa Treoir agus Comhairliú Gairme san Eoraip (NICE). Bhí próiseas fairsing comhairliúcháin ann chomh maith le páirtithe leasmhara cuí ar a n-áiríodh pearsanra treorach i scoileanna agus i suíomhanna (AEGS), comhlachtaí gairmiúla, soláthróirí clár agus páirtithe leasmhara oideachasúla eile.

Ullmhaíodh an PRF tar éis dul i gcomhairle leis an QQI agus léirítear leis táscairí eolais, scile agus inniúlachta an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) leibhéal 8. Féadann soláthróirí táscairí an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) leibhéal 8 a úsáid in éineacht leis an PRF chun torthaí foghlama ón gclár a fhorbairt.

Le himeacht aimsire féadfaidh éabhlóidiú agus forbairt teacht ar na critéir atá leagtha amach sa doiciméad seo de réir na bhforbairtí náisiúnta agus idirnáisiúnta sna hearnálacha treorach agus

oideachais⁴, agus i gcomhairle le páirtithe leasmhara. B'fhéidir go mba ghá an PRF a athbhreithniú lá níos faide anonn de bharr forbairtí dá leithéid.

1.3 Treoir: sainmhíniú agus gníomhaíochtaí

Soláthraítear treoir do dhaoine óga agus aosaigh i scoileanna aitheanta agus i seirbhísí treorach oideachais aosaigh faoin AEGI. Bíodh is go meastar go n-áiríonn treoirchomhairliú i suíomhanna oideachais an treoir phearsanta agus sóisialta agus an treoir oideachais agus gairme arna seachadadh i gcomhthéacs na scoile uile, bíonn soláthar na seirbhíse éagsúil ó shuíomh oideachasúil amháin go suíomh oideachasúil eile. Baineann sé seo ar an mór gcóir le struchtúir oideachais na n-institiúidí i gceist, téarmaí agus coinníollacha fostaíochta, agus éagsúlacht i measc an spriocdhaonra a bhfuil daoine óga agus aosaigh ann.

Chun críche an doiciméid seo, tá feidhm ag dhá shainmhíniú ar an dtreoirchomhairle, ceann amháin ag baint le scoileanna, agus an dara ceann ag baint le comhthéacs threoirchomhairle na n-aosach dá bhforáiltear faoi choimirce na AEGS.

Treoirchomhairle i scoileanna

“refers to a range of learning experiences provided in a developmental sequence, that assist students to develop self-management skills which will lead to effective choices and decisions about their lives. It encompasses the three separate, but interlinked, areas of personal and social development, educational guidance and career guidance”. (An Roinn Oideachais agus Scileanna; 2005, lch. 4).

Counselling offered within a guidance context

“is a key part of the school guidance programme, offered on an individual or group basis as part of a developmental learning process and at moments of personal crisis. Counselling has as its objective the empowerment of students so that they can make decisions, solve problems, address behavioural issues, develop coping strategies and resolve difficulties they may be experiencing. Counselling in schools may include personal counselling, educational counselling, career counselling or combinations of these”. (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2005; lch. 4).

Gníomhaíocht scoile uile is ea soláthar na treoirchomhairle i scoileanna (An Roinn, 2012b). De bharr na hoiliúna speisialaí atá aige/aici sa treoirchomhairle, tá ról lárnach le glacadh ag an dtreoirchomhairleoir maidir le seachadadh chlár treorach na scoile a stiúradh agus a chomhordú i gcomhairle le baill de bhainistíocht na scoile agus baill foirne cuí eile. Is ceart go léireodh clár treorach na scoile riachtanais na mac léinn go léir agus go mbeadh ann, “balance between the personal, social, educational and career guidance offered to students...” (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2005: lch. 4). Oibríonn treoirchomhairleoirí laistigh de shamhail chontanaim tacaíochta (NEPS, 2010), agus is comhchuid iad de chur chuige scoile uile i leith an fholláine i scoileanna a chothú. (NEPS, 2013).

⁴ Ar a n-áireofar FET mar atá luaite i bhfonóta 2.

I gcomhthéacs **threoir na n-aosach** i.e. an AEGS, sainmhínítear an treoir mar éascú le daoine

“...to manage their own educational, training, occupational, personal, social, and life choices so that they reach their full potential and contribute to the development of a better society”. (An Fóram Náisiúnta Treorach, 2007; lch. 6).

Leis na sainmhínte seo léirítear nádúr iomlánaíoch na treorach mar go gcuimsítear inti forbairt phearsanta agus sóisialta agus forbairt oideachais agus gairme. Aibhsítear leo freisin ról na treorach maidir le héascú na cinnteoireachta agus na roghanna saoil agus le folláine an mhic léinn a chur chun cinn.

Ar na gníomhaíochtaí a bhaineann le hobair an treoirchomhairleora sna suíomhanna seirbhíse ar fad áirítear iad seo a leanas:

- Cláir fhoghlaim na treoirchomhairle agus cláir fhorbraíochta a dhearadh, a sheachadadh agus a mheasúnú a bhaineann le forbairt phearsanta agus sóisialta agus forbairt oideachais agus gairme do shuíomhanna aonair, agus do shuíomhanna grúpa agus rangsheimra
- Straitéisí éifeachtacha múinte, foghlama agus measúnaithe a fhorbairt don rang treoirchomhairle
- Comhairliú aonair agus grúpa a chur ar fáil chun éascú le forbairt phearsanta agus sóisialta agus le forbairt oideachais agus gairme agus é a chur ar fáil ag uair na géarchéime pearsanta
- Eolas a bhaineann leis an margadh saothair, leis an bhfoghlaim agus le gairmeacha a chur ar fáil trí Theicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) agus trí churanna chuige foghlama cumaisc
- Foghlaim san ionad oibre a phleanáil agus a eagrú agus naisc a bhunú leis na bpobal mór gnó, le gníomhaireachtaí agus leis an earnáil dheonach
- Tástálacha síciméadracha (i.e. tástálacha cumais agus inniúlachta agus fardail de shuimeanna gairme) a úsáid d’fhonn éascú le cinnteoireacht ghairme agus leis an bhforbairt phearsanta, agus tacú le roghanna foghlama agus oideachasúla
- Tacaíocht a thabhairt don scoil agus do lucht bainistíochta agus foireann an Bhoird, agus oibriú i gcomhar leis na daoine céanna, i bpleanáil, treorú, seachadadh, athbhreithniú agus measúnú na seirbhíse/cláir treorach agus plean treorach na scoile uile
- Oibriú i gcomhar le tuismitheoirí (de réir mar is cuí) agus le gníomhaireachtaí tarchuir chun éascú le forbairt phearsanta agus sóisialta agus forbairt oideachais agus gairme mac léinn agus úsáideoirí na seirbhíse
- Mic léinn agus úsáideoirí seirbhíse a tharchur chuig gníomhaireachtaí seachtracha agus chuig gairmithe, de réir mar is cuí
- Naisc dhlútha a bhunú le scoileanna friothálacha, áit is cuí, agus le hionaid bhreiseoideachais agus oiliúna agus ardoideachais.

1.4 Riachtanais maidir le cáilíochtaí treoirchomhairlithe

1.4.1 Scoileanna

Éilítear inniúlachtaí bunúsacha ó threoirchomhairleoir chun an tseirbhís treorach a phleanáil, a threorú, a sheachadadh, a athbhreithniú agus a mheasúnú go héifeachtach, mar aon le cur chuige scoile uile i leith na treorach. Le hinniúlachtaí dá leithéid cinnteofar go sásóidh an treoir a chuirfear ar fáil riachtanais na mac léinn ar fad.

Mar a leagadh amach in Imlitir 0009/2012 na Roinne (2012b), ní mór do dhuine a shanntar mar threoirchomhairleoir i scoil bheith ina m(h)úinteoir cáilithe dara leibhéal⁵ agus, ina theannta sin, bheith i seilbh na cáilíochta aitheanta cuí d’obair treorach scoile. Tá liosta de na cláir gur féidir cáilíochtaí aitheanta dá leithéid a ghnóthú astu le fáil ar shuíomh idirlín An Lárionaid Náisiúnta um Threoir san Oideachas (NCGE).

1.4.2 Suíomhanna AEGS

Éilítear inniúlachtaí bunúsacha ó threoirchomhairleoir sa tSeirbhís chun seirbhís treorach a phleanáil, a threorú, a sheachadadh, a athbhreithniú agus a mheasúnú go héifeachtach chun riachtanais ilghnéitheacha, casta spríocghrúpaí an AEGI a shásamh. I measc chliaint na Seirbhíse tá daoine aonair agus grúpaí “that experience particular and acute barriers to participation and are more difficult to engage in the formal learning process” (An Roinn, 2012c; lch. 5), agus ina measc freisin ta daoine óga thar 16 bliain d’aois a d’fhág an scoil gan cháilíochtaí foirmiúla ar bith acu.

Ní mór do threoirchomhairleoirí atá ag obair i suíomhanna na Seirbhíse na riachtanais cháilíochta a shásamh atá leagtha amach in Imlitir 70/04 (An Roinn, 2004). Ní éilítear cáilíocht mhúinteoireachta. Oibríonn treoirchomhairleoirí i suíomhanna na Seirbhíse i gcomhar agus i gcomhoibriú le lucht bainistíochta agus le foireann an Bhoird chuí nó le hInstitiúid Teicneolaíochta Phort Láirge.

1.4.3 Forbairt ghairmiúil iar-cháilíochta

Is ceart do threoirchomhairleoirí atá ag obair i suíomh oideachasúil ar bith coinneáil suas le hathruithe agus forbairtí leanúnacha i réimsí a bhaineann leis an dtreoir ar nós deiseanna oideachasúla agus oiliúna, TFC agus saol na hoibre agus na ngairmeacha/slite beatha. Is ceart do threoirchomhairleoirí freisin leas a bhaint as deiseanna chun Forbairt Leanúnach Ghairmiúil (CPD) a fháil atá arna soláthar ag comhlachtaí mar an Lárionad, an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST), Institiúid na gComhairleoirí Treorach (IGC) agus Cumann Treorach Aosoideachais na hÉireann(AEGAI). Ina theannta sin, is ceart do threoirchomhairleoirí leis an tSeirbhís agus sna scoileanna leas a bhaint as maoirseacht threoirchomhairlithe, áit a bhfuil sí ar fáil.

2. Critéir Ghinearálta do Chláir Túsoideachais sa Treoirchomhairliú a Aithint

Le haghaidh ról an treoirchomhairleora bíonn gá le “highly developed interpersonal skills and a high level of reflexivity” (An Líonra, 2012; lch. 24). Is den tábhacht é, dá bhrí sin, go n-ullmhófaí ábhar

⁵ Ní mór do threoirchomhairlithe atá ag obair i scoileanna aitheanta na riachtanais atá leagtha síos ag an gComhairle Mhúinteoireachta maidir le clárú múinteoirí a shásamh www.teachingcouncil.ie

treoirchomhairleora chun iontráil ar an ngairm le cláir túsoideachais sa treoirchomhairliú arna n-aithint ag an Roinn. Is ceart go sásódh na cláir gur féidir cáilíochtaí arna n-aithint ag an Roinn a ghnóthú astu na critéir atá léirithe faoi na ceannteidil thíos.

2.1 An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC): leibhéal agus cineál na dámhachtana

Beifear in ann Dámhachtana Móra ag leibhéal 8 den CNC ar a laghad, lena dtairgfear 60 creidiúint ECTS (An Córas Eorpach d'Aistriú agus Carnadh Creidmheasa)⁶ ar a laghad sa treoirchomhairliú, a ghnóthú as cláir sa treoirchomhairliú arna n-aithint ag an Roinn. Seachadfar cláir dá leithéid thar aon bhliain amháin go lánaimseartha nó thar dhá bhliain go páirtaimseartha de ghnáth.

2.2 Roghnú na rannpháirtithe sa chlár

Is ceart do sholáthróirí clár a chinntiú, sa mhéid gur féidir é, go mbíonn an cumas acadúil a theastaíonn ag na rannpháirtithe (ábhair treoirchomhairleora) agus go mbíonn siad oiriúnach go pearsanta chun riachtanais an chlár a shásamh. Ar an gcúis seo, is ceart do sholáthróirí clár a chinntiú go mbaineann siad leas as gnásanna roghnaithe lena measúnaítear oiriúnacht acadúil agus pearsanta na n-iarrthóirí ar ról an treoirchomhairleora. B'fhéidir go n-áireofaí ar na gnásanna roghnaithe sin:

- Agallaimh duine le duine nó agallaimh i ngrúpaí
- Ráiteas pearsanta ó iarrthóirí ina dtugtar cuntas ar a n-oiriúnacht féin do ról an treoirchomhairleora
- Fianaise go bhfuil taithí phearsanta ag an iarrthóir de bheith ag obair i ngairm chomhbhách

I dtéarmaí oiriúnachta acadúla, i gcás iarrthóirí a bhfuil sé ar intinn acu bheith ag obair i suíomhanna teorach d'aosaigh is ceart go mbeadh dámhachtain mhór ag leibhéal 7 den CNC, ar a laghad, bainte amach acu sula nglactar isteach i gclár iad. I gcás iarrthóirí a bhfuil sé ar intinn acu bheith ag obair i scoileanna aitheanta is ceart go mbeadh dámhachtain mhór ag leibhéal 8 den CNC, ar a laghad, mar aon le cáilíocht aitheanta mhúinteoireachta, bainte amach acu sula nglactar isteach i gclár iad. Is ceart do sholáthróirí clár freisin polasaithe agus gnásanna a ghlacadh chucu a bhaineann le hAitheantas Réamhfhoghlama (RPL) agus Creidiúnú Réamhfhoghlama (APL) agus iad ag measúnú na n-iarrthóirí, áit is cuí sin.

⁶ Tagraítear le creidiúintí ECTS do na huaireanta iarrachta ar fad a bhíonn ag an bhfoghlaimeoir chun an clár a chur i gcrích. Chun críocha an doiciméid seo, seasann 1 chreidiúint ECTS amháin go hachomair do 25 uair (uaireanta teagmhála, iarracht neamhspleách – obair as a stuaim féin, staidéar, tascanna).

2.3 Eispéiris fhoghlama agus múinteoireachta

Is ceart go dtairgfí eispéiris shaibhre, ilghnéitheacha foghlama le cláir túsoideachais sa treoirchomhairliú do mhúinteoirí d'fhonn éascú le forbairt phearsanta agus gairmiúil na n-ábhar treoirchomhairleora mar chleachtóirí freagracha, machnamhacha agus d'fhonn iad a ullmhú chun iontrála ar an ngairm. Le hullmhú den saghas sin déanfar cinnte de go mbíonn treoirchomhairleoirí, a bhfuil sé ar intinn acu bheith ag obair i seirbhísí treorach faoi théarmaí tagartha na Roinne, ullamh le gabháil le cleachtas gairmiúil agus go mbíonn an cumas acu atá riachtanach chun an tseirbhís treorach a phleanáil, a threorú, a sheachadadh, a athbhreithniú agus a mheasúnú.

Bíodh is go mbeidh solúbthacht ag soláthróirí i ndearadh, forbairt agus seachadadh na gclár, is ceart go n-áireofaí ar na heispéiris foghlama agus múinteoireachta a thairgfear mar chuid de chlár aitheanta:

a) Uaireanta teagmhála foghlama agus múinteoireachta duine le duine agus ar líne

- chun deiseanna ar obair ghrúpa agus ar fhoghlaim eispéireasach a sholáthar
- chun na scileanna cumarsáide, na scileanna oideolaíocha i leith daoine óga agus aosach, agus an t-eolas maidir le treoirchomhairliú a theastaíonn chun gabháil leis an raon iomlán de ghníomhaíochtaí treorach.

b) Deiseanna suntasacha ar an bhforbairt phearsanta agus gairmiúil

- ar a n-áireofar maoirseacht agus obair ghrúpa eispéireasach a fheabhsaíonn agus a chuireann chun cinn an cleachtas machnamhach, réiteach na bhfadhbanna agus smaoineamh criticiúil, agus forbairt na dtreoirchomhairleoirí mac léinn mar chleachtóirí-taighdeoirí agus foghlaimeoirí ar feadh an tsaoil
- ar a n-áireofar mic léinn bheith ag freastal ar chomhairliú pearsanta duine le duine agus ar chomhairliú grúpa

c) Socrúchán struchtúrtha mhaoirsithe ar feadh íostréimhse de 25 lá⁷ (lánaimseartha)⁸ i suíomh cuí⁹ i gcaitheamh an chlár

- a bheidh le reáchtáil i gcaitheamh na bliana acadúla (e.g. aon lá iomlán amháin in aghaidh na seachtaine) i dtreo is go mbeidh deis ag an ábhar treoirchomhairleora ar bheith ag gabháil leis an raon iomlán de ghníomhaíochtaí treorach. Sa chás go mb'áil leis an ábhar treoirchomhairleora leas a bhaint as socrúchán i níos mó ná suíomh amháin, is féidir leis an soláthróir cláir éascú leis seo de réir mar is cuí. Is den dea-chomhairle é, áfach, nach gcuirfí an t-ábhar treoirchomhairleora ar socrúchán i níos mó ná dhá shuíomh.
- a bheidh le bainistiú ag maoirseoir socrúcháin ón soláthróir cláir a bheidh cáilithe go cuí¹⁰ i gcomhar le treoirchomhairleoir meantóireachta cáilithe arna f(h)ostú ag an tseirbhís ina bhfuil an socrúchán á reáchtáil¹¹

⁷ Tá an cleachtas idirnáisiúnta i gcláir túsoideachais mar bhonn eolais faoin íoslíon laethanta a shainítear do shocrúchán maoirsithe.

⁸ Is ionann socrúchán lánaimseartha agus lá iomlán oibre i seirbhís treorach in aghaidh gach lae de 25 lá an tsocrúcháin. Is féidir go mbeadh fad an lae oibre idir 5-7 uaire ag brath ar an gcineál suímh.

⁹ Is ionann suíomh cuí agus seirbhís treorach faoi théarmaí tagartha na Roinne cosúil leis an suíomh a bhfuil sé beartaithe ag an gcéimí bheith ag obair ann.

¹⁰ Is ceart go mbeadh cáilíocht sa treoirchomhairliú ag an maoirseoir socrúcháin ón soláthróir cláir.

Le linn an tsocrúcháin:

- is ceart go mbeadh cruinniú ag an maoirseoir socrúcháin agus an treoirchomhairleoir meantóireachta lena chéile roinnt uaire chun an socrúchán a phleanáil agus a athbhreithniú, agus dul chun cinn agus forbairt ghairmiúil an ábhair treoirchomhairleora a chomhphlé
- is ceart don mhaoiseoir socrúcháin cruinniú agus cuairt a thabhairt ar an ábhar treoirchomhairleora dhá uair ar a laghad
- soláthróidh an treoirchomhairleoir meantóireachta aiseolas múnlaiteach don ábhar treoirchomhairleora chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt ghairmiúil an ábhair treoirchomhairleora.

Ós rud é go mbíonn ról bunúsach ag an socrúchán i bhforbairt na n-ábhar treoirchomhairleora mar threoirchomhairleoirí gairmiúla machnamhacha, is ceart go n-éascódh an socrúchán leis na hábhair treoirchomhairleora maidir le:

- An teoiric agus an cleachtas a chomhtháthú
- An t-eolas a chur i bhfeidhm sa chleachtas
- An t-eolas agus na scileanna riachtanacha a fhorbairt agus a léiriú chun raon de ghníomhaíochtaí treorach a sheachadadh
- An raon iomlán de ghníomhaíochtaí treorach le daoine aonair agus le grúpaí arna dtairiscint ag an tseirbhís treorach a ghabháil de láimh, ar a n-áirítear seachadadh na treorach rang-bhunaithe trí mheán raon straitéisí faoi mhaoirsiú an treoirchomhairleora meantóireachta
- An treoirchomhairleoir meantóireachta a bhreathnú agus é/í ag obair agus deiseanna a fháil chun gabháil le raon de ghníomhaíochtaí, ar a n-áirítear gabháil le tuismitheoirí agus páirtithe leasmhara eile, de réir mar is cuí
- Éagsúlacht eispéireas de bheith ag foghlaim an treoirchomhairlithe a sheachadadh faoi mhaoirsiú an treoirchomhairleora meantóireachta
- Machnamh go criticiúil ar chomhtháthú na teoirice agus an chleachtais, agus aiseolas múnlaiteach ar an gcleachtas a fháil ón treoirchomhairleoir meantóireachta, de réir mar is cuí

d) Foghlaim sholúbtha obair-bhunaithe

I dteannta leis an riachtanas maidir le socrúchán ar feadh 25 lá, is ceart d'ábhair treoirchomhairleora páirt a ghlacadh i gcúig lá den fhoghlaim sholúbtha obair-bhunaithe e.g. freastal ar aonaigh gairme, ar chomhdhálacha, agus ar shocrúcháin/cuairteanna tionsclaíochta etc.

¹¹ Is ceart go mbeadh cáilíocht sa treoirchomhairliú arna haithint ag an Roinn ag an treoirchomhairleoir meantóireachta atá fostaithe ag an tseirbhís ina bhfuil an socrúchán á reáchtáil agus, áit gur féidir, go mbeadh íostréimhse de chúig bliana tairbhí aige/aici i ndearadh agus seachadadh seirbhísí treorach. Ina theannta sin, is ceart go mbeadh an treoirchomhairleoir ina b(h)all de chomhlacht ghairmiúil agus go nglacadh sé/í páirt go rialta sa CPD. Beidh páirt glactha aige/aici freisin sa CPD faoin mheantóireacht a bheidh comhionann le haon lá iomlán amháin arna thairiscint ag an soláthróir cláir i gcomhar leis an LNTO/NCGE.

2.4 Measúnú ar fhoghlaim an ábhair treoirchomhairleora

Is ceart go ngabhadh na modheolaíochtaí measúnaithe a mbaineann an soláthróir cláir feidhm astu leis na torthaí a bhfuil cuntas tugtha orthu i dTábla 1 (rannán 2.9), agus go measúnófaí leo forbairt na gcroí-inniúlachtaí, ar a n-áirítear forbairt na scileanna ag ábhair treoirchomhairleora. Is ceart go mbeadh na modheolaíochtaí measúnaithe cothrom, trédhearcach, comhsheasmhach agus go gcinnteoidís go bhfuil an treoirchomhairleoir atá ag baint dámhachtana amach inniúil ar an gcleachtas marthanach treoirchomhairlithe. Is ceart go mbainfí leas as cónascadh de mhodheolaíochtaí measúnaithe múnlaítheatha agus suimitheacha, agus is ceart go mbeadh gaol soiléir ann idir na torthaí foghlama, na heispéiris foghlama a cuireadh ar fáil agus na critéir measúnaithe.

Eispéireas tábhachtach croí-fhoghlama is ea an socrúchán agus is ceart é a mheasúnú dá réir sin. Is ceart, dá bhrí sin, go mbeadh ar ábhair treoirchomhairleora punann a choinneáil dá gcuid foghlama de réir mar a bhain sé leis an socrúchán. Is ceart go n-áireofaí sa phunann tuarascálacha ar ghafacht le gníomhaíochtaí agus ócáidí treorach, mar shampla, freastal ar chruinnithe agus tráthnónta do thuismitheoirí, agus forbairt plean treorach. Is ceart go ndéanfadh an t-oifigeach socrúcháin monatóireacht agus measúnú ar dhul chun cinn agus forbairt ghairmiúil an ábhair treoirchomhairleora i gcaitheamh an tsocrúcháin.

Bíonn ar ábhair treoirchomhairleora pas a fháil in eilimint an tsocrúcháin den chlár go neamhspleách ar eilimintí eile den chlár chun cáilíocht an treoirchomhairlithe a bhaint amach. Is ceart tacaíocht agus meantóireacht a thairiscint d'ábhair treoirchomhairleora a dteipeann orthu sa socrúchán roimh dóibh an socrúchán a athdhéanamh.

2.5 Riachtanais i gcás foirne soláthróra clár

Sa mhéid gur féidir é, is ceart gur baill foirne a mbeadh cáilíocht aitheanta sa treoirchomhairliú acu a bheadh gafa le heispéiris foghlama a dhearadh agus a sheachadadh. Féadfaidh gairmithe gaolmhara eile ar nós síceolaithe bheith ag teastáil chun gnéithe den chlár a sheachadadh mar gheall ar a n-inniúlacht agus a saineolas i réimsí ar nós na tástála síciméadraí. Is ceart go mbeadh dámhachtain mhór ag leibhéal 8 den CNC ar a laghad bainte amach ag gach ball foirne agus go mbainfidís leas as an CPD ar bhonn leanúnach. Sa mhéid gur féidir é, is ceart go mbainfeadh baill foirne, baill foirne páirtaimseartha san áireamh, atá ag soláthar cláir leis an institiúid-soláthróir féin agus nach dtabharfaí gníomhaireachtaí nó comhlachtaí tráchtála seachtracha isteach ach amháin sa chás nach bhfuil an saineolas ar fáil san institiúid soláthair clár. Sa chás seo, tá an soláthróir cláir freagrach as a chinntiú go bhfuil an ghníomhaireacht nó an comhlacht tráchtála atá ar conradh chun an t-inneachar a sheachadadh inniúil agus cáilithe go cuí, go bhfuil an tairí riachtanach aige agus go bhfuil sé in ann seachadadh an inneachair a chomhthéacsú chuig an suíomh oideachasúil ina bhfeidhmíonn an tseirbhís treorach.

2.6 Inniúlachtaí riachtanacha

Is iad an t-ocht réimse inniúlachta¹² gur ceart do sholáthróirí cláir atá ag lorg aitheantais ón Roinn dá gcláir sa treoirchomhairliú díriú orthu ná:

- Treoir: teoiric agus cleachtas gairmiúil
- Scileanna comhairlithe i gcomhthéacs treorach
- An margadh saothair, foghlaim agus faisnéis bainteach le gairmeacha
- Múineadh agus foghlaim: dearadh, seachadadh agus measúnú na gclár /na n-eispéireas foghlama
- Tástáil shíciméadrach: is ceart go mbeadh céimithe intofa chun bheith ina mbaill de chlár Chumann Síceolaithe na hÉireann (PSI) do threoirchomhairleoirí
- Cumarsáid a dhéanamh, comhoibriú agus líonrú
- Cleachtas bunaithe ar thaighde agus fianaise
- An tseirbhís treorach a threorú agus a bhainistiú

Tá an t-ocht réimse inniúlachta thuas ailínithe le ról treoirchomhairleoirí mar a bhíonn sé ó lá go lá. Cuirtear na torthaí a bhaineann le gach aon réimse inniúlachta i láthair i dTábla 1 (rannán 2.9) de réir táscairí leibhéal 8 den CNC, de réir mar atá leagtha amach in *Award Standards - Generic Higher Education and Training* an QQI (2014b), agus tá siad ceaptha chun ailíniú le tuairiscín an Ard-Diplóma thíos.

- Fairsinge eolais: *Tuiscint ar an dteoiric, ar na coincheapa agus ar na modhanna a bhaineann le réimse (nó réimsí) foghlama*
- Cineál eolais: *Eolas mionsonraithe agus tuiscint ar shainréimse amháin nó níos mó ná sin, cuid de ag teorainneacha reatha an réimse nó na réimsí*
- Fios na ceirde agus raon scileanna: *Máistreacht a léiriú ar shainréimse casta scileanna agus uirlisí; ardsicileanna agus uirlisí a úsáid agus a mhodhnú chun taighde arna threorú go dlúth, agus gníomhaíocht ghairmiúil nó ardghníomhaíocht theicniúil, a sheoladh*
- Fios na ceirde agus roghnaíocht scileanna: *Teacht ar thuairim chuí maidir le líon feidhmeanna casta pleanála, deartha, teicniúla agus/nó bainistíochta a bhaineann le táirgí, seirbhísí, oibríochtaí nó próisis, ar a n-áirítear foinsiú*
- Inniúlacht - comhthéacs: *Leas a bhaint as ardsicileanna chun taighde nó ardghníomhaíocht theicniúil nó gairmiúil a sheoladh, agus cuntasacht glactha as gach cinnteoireacht bhainteach; scileanna diagnóiseacha agus cruthaitheacha a aistriú agus a fheidhmiú i raon comhthéacsanna*
- Inniúlacht - ról: *Gníomhú go héifeachtach faoi threorú i gcaidreamh piaraí le cleachtóirí cáilithe; grúpaí iolracha, casta, ilchineálacha a threorú*

¹² Ní chomhfhreagraíonn an t-ocht réimse inniúlachta do mhodúil aonair. Ní mór do sholáthróirí a léiriú go ndírítear trí na heispéirís a thairgtear ar na torthaí a chuirtear i láthair.

- Inniúlacht – an fhoghlaim a fhoghlaim: *An chaoi le gníomhú i gcomhthéacsanna athraitheacha, anaithnide foghlama a fhoghlaim; an chaoi le tascanna foghlama a bhainistiú go neamhspleách, gairmiúil, eiticiúil a fhoghlaim*
- Inniúlacht - géarchúis: *Dearcadh saoil cuimsitheach, inmheánaithe, pearsanta lena léirítear dlúthpháirtíocht le daoine eile a chur in iúl.*

(QQI, 2014b; lch.6)

Tá na réimsí inniúlachta agus na torthaí a ghabhann leo cineálach. Aibhsítear saineolas a theastaíonn chun obair a dhéanamh i suíomhanna ar leith, bídís sin ina suíomhanna scoile nó ina suíomhanna oideachais treorach d’aosaigh, leis na focail ‘scoileanna’ agus/nó ‘AEGS’ de réir mar is cuí. Is ceart don soláthróir cláir a chinntiú go mbíonn an córábhar agus na heispéiris foghlama a thairgtear oiriúnaithe do chomhthéacsanna sainiúla oideachais agus treorach, áit gur cuí.

Is ceart a nótáil nach luaitear torthaí ach uair amháin i dTábla 1 cé gur féidir, i dtosca áirithe, go mbeadh feidhm ag torthaí a léirítear do réimse amháin inniúlachta i leith réimse eile inniúlachta.

2.7 Socrúchán

Éascaítear leis an socrúchán feidhmiú agus forbairt eolais agus scileanna i dtimpeallacht chleachtas agus ullmhaítear an t-ábhar treoirchomhairleora don chleachtas gairmiúil. Éilítear go nglacadh an t-ábhar treoirchomhairleora páirt i socrúchá(i)n struchtúrtha maoirsithe a mhaireann 25 lá de réir na riachtanas a leagtar amach faoi rannán 2.3c. Is féidir nach mar a chéile a bheadh an líon uaireanta socrúcháin in aghaidh an lae i gcónaí ag brath ar an tseirbhís treorach a bhfuil an t-ábhar treoirchomhairleora curtha ar socrúchán inti. Sa chaoi sin, bíonn an líon uaireanta socrúcháin in aghaidh an lae idir 5-7 uaire. I dteannta leis an riachtanas socrúcháin, is ceart d’ ábhair treoirchomhairleora páirt a ghlacadh i gcúig lá den fhoghlaim sholúbtha obair-bhunaithe mar atá leagtha amach i rannán 2.3d e.g. freastal ar aonaigh gairme, ar chomhdhálacha, agus ar shocrúcháin/cuairteanna tionsclaíochta etc.

2.8 Creidiúintí ECTS a shanntar do réimsí inniúlachta agus do shocrúchán

